S.46T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUITHE AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2004

## CLÓSCRÍOBH
(Ardleibhéal)

**DE hAOINE 4ú MEITHEAMH 9.30 r.n. - 11.40 r.n.**

**TREORACHA**

### GINEARÁLTA

* Tá deich nóiméad ceadaithe chun an páipéar seo a léamh, 9.30 - 9.40 r.n. Ní ceadmhach clóscríobh a dhéanamh i rith na tréimhse sin.

* Clóscríobh d'Uimhir Scrudaithe ar bharr gach bileoige de do chuid oibre. Clóscríobh 'M' i ndiaidh d'Uimhir Scrúduithe má tá clóscríobhán neamh-leictreonach á úsáid agat.

* Tosaigh gach Roinn ar bhileog úr.

* Is ceadmhach aon chineál ceartúcháin a úsáid, scriosán, páipéar, leacht 7 rl, ach amháin sa Triail Chruinnis, (Ceist 1). Bainfear marcanna má fhágann ceartúcháin obair mhí-shlachtmhar ina ndiaidh.

* Ag deireadh an scrúdaithe bailigh do chuid oibre **in ord**.

* Cuir d'Uimhir Scrúdaithe ar an gclúdach atá ann do d'obair chríochnaithe. Cuir 'M' i ndiaidh d'Uimhir Scrúdaithe má d'usáid tú clóscríobhán láimhe (neamh-leictreonach).

* **Ná** cuir do Thriail Chruinnis i gclúdach ar leith.

* Léigh go cúramach na treoracha sonracha do gach Ceist mar atá tugtha thíos.

**1. TRIAIL CHRUINNIS** (9.40am - 9.50am)

**2. LITIR GHNÓ**

2.1 Clóscríobh an litir seo san fhoirm cheart.

**3. RÁITEAS TÁBLAITHE**

3.1 Clóscríobh agus rialaigh go néata i ndúch.

**4. OBAIR THAISPEÁNTAIS**

4.1 Clóscríobh agus taispeáin an Fógra.

**5. FOIRM A DHRÉACHTADH**

5.1 Dréachtaigh an fhoirm de réir treoracha.

## CEIST 1 - TRIAIL CHRUINNIS (10 NÓIMÉAD)

- **Déan cóip charbóin de do chuid oibre.**
- **Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág imill de aon orlach.**
- **Dealófar marcanna má dhéantar ceartúcháin.**
- **Ní ghnóthófar breis marcanna má chlóscríobhtar an sliocht nó cuid de den dara huair.**
- **Tabhair an chóip chlóscríofa agus an chóip charbóin de do chuid oibre don Fheitheoir nuair a bheidh an Triail Chruinnis thart. Tabharfar iad seo ar ais duit ag deireadh an scrúdaithe chun gur féidir leat do chuid oibre a chur in ord.**

---

Uair dá raibh ní fheicfí tinteán ach sna seomraí suite traidisiúnta, ach is cuid bhunúsach inniu é de na spásanna nua-aimseartha teolaí. Is cuma an dteastaíonn uait tinteán nua comhaimseartha nó seancheann a athchóiriú, tá neart dearaí iontacha nua-aimseartha ann le rogha a dhéanamh eatarthu. Smaoinigh ar an seomra teaghlaigh nó ar an seomra codlata, nó go fiú an seomra folctha, níl teorainn leis na háiteanna inar féidir le tinteán draíocht a oibriú.

Is é uasdátú tinteáin ceann de na bealaí is éifeachtaí ó thaobh chostais de chun seomra a chóiriú. Ach ná sábháil airgead le droch-chaighdeán. Réitíonn dearaí ársa le troscán comhaimseartha, oibríonn stíleanna nua-aimseartha minimiúla le hoiriúintí den scoth. Bain úsáid as do shamhlaíocht féin. Is é an deacracht is mó ná socrú ar an stíl atá uait.

Tá sé den tábhacht simléar den sórt ceart a bheith agat sula gcuireann tú dúil i dtinteán ar leith. Tá dhá chineál dhifriúla ann - tá na cinn le trastomhas leathan riachtanach don tine oscailte, agus tá siad siúd le simléar níos caoile oiriúnach le húsáid le tinte iata agus soirn.

Cuireann teallaigh atá déanta as ábhair neamhghnáthacha le carachtar an tinteáin. Sa seomra codlata, oibríonn ceirmigh uigeacha go maith, agus sa seomra teaghlaigh coincréit dhoirte, scláta, nó má tá tine lasair-gháis agat, plancanna adhmaid athchóirithe le haghaidh mhealltacht orgánach.

**(25 marc)**

**CEIST 2 - LITIR GHNÓ**

**Clóscríobh an litir seo a leanas, más é do thoil é, chuig an tUasal Marian Ní Mhuirí, 45 Sráid Uí Chonaill, Luimneach.**

- **Bain úsáid as an tagairt KOB/(do thúslitreacha féin)**
- **Bain úsáid as dáta an lae inniu**
- **Cuir seoladh ar chlúdach nó cruth clúdaigh**
- **Fág 5 cm ar a laghad ag barr an leathanaigh don cheann litreach**
- **Tá roinnt dearmad litrithe, poncaithe agus gramadaí sa litir seo nach mór a cheartú.**

---

A chlóscríobhaí
Bain úsáid as 'ceannteideal abhair
"Ligean ar cíos Uimh 7 Lakeside
Baile Coimín, Co. Chill Mhantáin.
úsáid - BLOCK CAPS agus US

An tUasal

Faoi iamh gheobhaidh tú léasanna a bhaineann le ligean 6 mhí ag Uimh 7 don Uasal Nóra Uí Bhriain. Beinn buíoch díot dá síneofá an dá chóip ar an dara leathanach, cóip amháin a choinneáil do do thaifid féin + an ceann eile a chur ar ais chugam le haghaidh taifid an tionónta. [Alt nua] Tá ráiteas cíosa faoi iamh agam freisin chomh maith le seic don iarmhéid cíosa sa tsuim de €237.25. Tá an cuntas BSL aistrithe agam in ainm an tionónta. (A) [UC]

Tá ordú seasta socraithe ag an Uasal Uí Bhriain chun an cíos a íoc isteach i do chntas go díreach ar Aoine gach seachtaine sa tsuim de €175.00.

[RUN ON] Cinntigh le do thoil go bhfaigheann tú do chuid íocaíochtaí cíosa seachtainiúla trí thagairt do do chuntas Bainc, agus má bhíonn neamhréiteach Ann, ar mhiste leat teagmháil a dhéanamh liom.

[STET] Go raibh mait agat as do chuid ~~orduithe~~ treoracha an teach a lign agus tá súil agam go n-éireoidh go maith leis an ligean seo.

A chlóscríobhaí - Cuir isteach le do thoil ag (A) thuas mar abairt nua "Gheobhaidh tú Cuntas Dúnta BSL i do ainm féin archeart duit freastalaí láithreach."

Is mise le meas

Karl Ó Broin MIAVI

LAKESIDE PROPERTIES

**(20 marc)**

## CEIST 3 - RÁITEAS TÁBLAITHE

**TAISPEÁIN AN RÁITEAS TÁBLAITHE A LEANAS AR PHÁIPÉAR A4. TAISPEÁIN GO HÉIFEACHTACH É. TÁ BLOCSTÍL NÓ STÍL LÁRNAITHE INGHLACTHA.**

---

ANAILÍS LIGEAN TITHE

| BLIAIN | GNÍOMHAIRE LIGIN | TITHE LIGTHE AG DEIREADH NA BLIANA | | IOMLÁN NA DTITHE LIGTHE |
|---|---|---|---|---|
| | | CÍOSANNA SEASTA | CÍOSANNA ATHRAITHEACHA | |
| 1999 | TÓIBÍN PAT | 560 | 320 | 880 |
| | NÍ MHUIRÍ MÁIRE | 102 | 401 | 503 |
| | BREATHNACH TOM | 300 | 209 | 509 |
| | IOMLÁN | 962 | 930 | 1,892 |
| 2000 | TÓIBÍN PAT | 580 | 330 | 910 |
| | NÍ MHUIRÍ MÁIRE | 140 | 409 | 549 |
| | BREATHNACH TOM | 320 | 230 | 550 |
| | IOMLÁN | 1,040 | 969 | 2,009 |
| 2001 | TÓIBÍN PAT | 592 | 340 | 932 |
| | NÍ MHUIRÍ MÁIRE | 170 | 415 | 585 |
| | BREATHNACH TOM | 300 | 275 | 575 |
| | IOMLÁIN | 1,062 | 1,030 | 2,092 |
| 2002 | TÓIBÍN PAT | 410 | 607 | 1,017 |
| | NÍ MHUIRÍ MÁIRE | 120 | 472 | 592 |
| | BREATHNACH TOM | 275 | 314 | 589 |
| | IOMLÁIN | 805 | 1,393 | 2,198 |
| 2003 | TÓIBÍN PAT | 345 | 672 | 1,017 |
| | NÍ MHUIRÍ MÁIRE | 298 | 483 | 781 |
| | BREATHNACH TOM | 199 | 402 | 601 |
| | IOMLÁIN | 842 | 1,557 | 2,399 |
| | IOMLÁIN | 4.711 | 5,879 | 10,590 |

**(25 marc)**

## CEIST 4

**TAISPEÁIN É SEO A LEANAS AR BHILEOG A4. LÁRNAIGH É GO CEARTINGEARACH AGUS GO COTHROMÁNACH.**

---

FÉILIRE LEADÓIGE SÓISEARAÍ ← (BLOCLITREACHA + u/s)

| DÁTA | AM | IMEACHT |
|---|---|---|
| Eanáir 3 | 10.00 – 12.00 | Ilchomórtas Leadóige |
| Eanair 10 | 3.30 – 4.30 | Comórtas Seachtainiúil Round Robin |
| Feabhra 14 | 10.00 – 12.00 | Ilchomórtas Leadóige |
| Aibreán 10 | 10.00 – 12.00 | Ilchomórtas Leadóige |
| Cáisc | Saoire Scoile | Campa Leadóige |
| Iúil | Saoire Scoile | Gníomhaíochtaí Leadóige |
| Lúnasa | Saoire Scoile | Seachtain Oscailte Shóisearach |

Bí ag faire ar Chlár na bhFógraí go rialta le nuashonruithe a fháil ar cad tá ag tarlú am ar bith le linn an tséasúir!

(A Chlóscríobhaí – bain úsáid as tús-cheannlitreacha (initial caps) do gach focal sa cholún "Imeachtaí")

**(15 marc)**

**CEIST 5 - FOIRM IARRATAIS**

**Ó NA SONRAÍ SEO A LEANAS, DRÉACHTAIGH FOIRM OIRIÚNACH ÓNAR FÉIDIR COMHAD SONRAÍ A THÓGÁIL LE HÚSÁID AG CHUMANN GAILF NA PÁIRCE.
CUIR ISTEACH LÍNTE PONCAITHE DO NA FREAGRAÍ AR CHEISTEANNA. DÉAN DEIMHIN DE GO BHFUIL DÓTHAIN SPÁIS DO NA FREAGRAÍ NUAIR IS GÁ SIN. BAIN FEIDHM AS AN GCEANNTEIDEAL "FOIRM IARRATAIS BHALLRAÍOCHTA"**

---

CUMANN GAILF NA PÁIRCE

FOIRM IARRATAIS BHALLRAÍOCHTA

Sloinne:

Céad Ainm:

Uimh. Theileafóin: Baile: Póca:

Seoladh Baile:

R-phost:

Seoladh Oibre:

Ainm aon Chumann eile ar bhall díobh thú:

Buntáiste Gailf

Síniú Dáta

**(15 marks)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán